



Tuiscint & forbairt foclóra

Fágfaidh mé agaibh é; Níl sé ach ag magadh; Céard sa diabhal.



Feasacht teanga

Fuaimniú an fhocail ‘ag’ roimh ainm briathartha



Scileanna cumarsáide

Conas deireadh a chur le comhrá

Nóta: Tá an ceacht seo bunaithe ar fhíseán 2 den tsraith SnasTV Ros na Rún. D’fhéadfá na cleachtaí a dhéanamh i seomra ranga nó mar chuid den fhoghlaim neamhspleách, tar éis duit féachaint ar an bhfíseán.

A: Tuiscint & forbairt foclóra

1. An cuimhin leat?

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobhaigí amach script na míre le chéile. Ní raibh sé chomh fada sin! Bainigí úsáid as na frásaí sa bhosca chun cuidiú libh. Mura bhfuil sibh in ann cuimhneamh ar gach focal ná bígí buartha! Bainigí úsáid as bhur samhlaíocht. Bígí cúramach – ná féachaigí ar cheist 2 go fóill!

in éindí	do chuid ealaíne	ag teastáil
Fágfaidh mé agaibh	céard sa diabhal	Níl sé ach ag magadh

2. Líon na bearnaí

Líon na bearnaí sa script leis na frásaí thuas:

Tony: Berni Ní Neachtain?

Berni: Ha?

Tony: Tá tú _____ thíos ag an stáisiún le ceistanna a fhreagairt.

Berni: Tony!

Tony: Ní ghlacfar le _____ thart anseo níos mó.

Berni: Ach _____ atá buailte ortsa. _____.

Toni: Níl mé ag magadh. Caithfidh tú a thíocht _____ liomsa anois díreach.

Breandán: _____ é.

Toni: Tá fáilte romhat!

B: Feasacht teanga: Fuaimniú an fhocail ‘ag’ roimh ainm briathartha**1. An ‘g’ san fhocal ‘ag’:**

Chonaic muid sa mhír nár fhuaimnigh Berni ná Tony an ‘g’ san fhocal ‘ag’.

Berni: Níl sé ach ag magadh.

Tony: Níl mé ag magadh.

Seo rud atá iontach coitianta sa chaint, nuair a thagann ‘ag’ roimh ainm briathartha a thosaíonn ar chonsan. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na ceisteanna seo anois:

- (a) Cad is féidir a rá faoin bhfuaim ‘g’ sna samplaí seo: ag obair / ag iarraidh?
- (b) An raibh an nós seo tugtha faoi deara agaibh cheana?

2. Samplaí ó Ros na Rún:

Féach ar na línte seo ó Ros na Rún. Abraigí amach os ard anois iad le chéile. Cuimhní gí i gcónaí ar an bhfuaim atá ag an ‘g’ san ‘ag’ roimh ainm briathartha.

- (a) Céard atá ag dul ar aghaidh anseo? Tá muid ag cur tús le hagallamh.
- (b) Ní mhothaíonn sé ceart imeacht uaidh agus dul ag obair don lá.
- (c) Tá duine éigin ag rá gur tusa a bhí ag tiomáint an chairr a bhuail Jude an oíche sin.
- (d) B’iontach an bhean í, ach tá mé cinnte go bhfuil tú tinn ag éisteacht le Colm ag caint fúithi?
- (e) Thosaigh Brian ag bagairt orm. Dúirt sé go ndéarfadh sé gur mise a bhí ag tiomáint.
- (f) Caithfidh mé a rá go bhfuil mé ag súil go mór do chuid beithígh a fheiscint.
- (g) Anois atá siad ag imeacht!
- (h) Níl sibh ag ceapadh go scaoilfear libh chomh héasca sin, an bhfuil?
- (i) Éist, nílím ag iarraidh go mbeidh sí siúd ag roghnú ainm dár bpáiste. Right?
- (j) Nach mbíonn sí i gcónaí ag cur do thuairisce?

Má tá fonn ort tuilleadh eolais a fháil ar an nós seo a bhíonn ag cainteoirí gan fuaimeanna nó focail áirithe a rá, féach ar cheacht 14.

C: Cumarsáid: Conas deireadh a chur le comhrá ar bhealach béasach

1. Frásaí úsáideacha

Ní bhíonn sé i gcónaí chomh furasta sin éalú ó chomhluadar nó deireadh a chur le comhrá. Tá frásaí áirithe ann a bhíonn ina chuidiú agus muid ag iarraidh sin a dhéanamh ar bhealach béasach, cairdiúil.

- (a) An cuimhin leat na cinn seo ón mír? Cad is brí leo?
- Fágfaidh mé agaibh é.
 - Scaoilfidh mé leat. / Ligfidh mé leat.
 - Níl mé ag iarraidh tú a choinneáil. / Ná bíodh mise do do choinneáil.
- (b) An bhfuil tú in ann cuimhneamh ar fhrásaí / abairtí eile a úsáideann tú féin le deireadh a chur le comhrá? Mar shampla 'Bhí sé go hálainn tú a fheiceáil!'.

2. Machnamh agus plé

- (a) An cuimhin leat an uair dheireanach a raibh ort éalú ó chomhluadar nó deireadh a chur le comhrá? Cuimhnigh siar ar na straitéisí a d'úsáid tú chun deireadh a chur leis an gcomhrá agus inis don duine in aice leat faoi.
- (b) Cad iad na straitéisí eile atá agaibh chun deireadh a chur le comhrá, nach mbaineann leis an gcaint féin ach le comharthaíocht an choirp? Mar shampla, do chóta a phiocadh suas.
- (c) Cad iad na straitéisí a bhíonn agaibh le deireadh a chur le comhrá téacs nó sraith teachtaireachtaí ar an bhfón póca? An ionann iad agus na straitéisí a úsáidtear sa chumarsáid ó bhéal?

3. Rólghníomhaíochtaí

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus tugaigí faoi na rólghníomhaíochtaí seo le chéile:

- (a) **Duine A:** Tá tú ag iarraidh rud éigin a phlé le duine go práinneach. Tá sé an-tábhachtach i do thuairimse. Tá tú ag caint gan stad agus ní fhágann tú aon bhearna sa chaint fiú.
Duine B: Tá duine éigin ag iarraidh mionrud a phlé leat ach níl an t-am agat! Tá tú ag iarraidh éalú ón gcomhrá. Beidh tú mall do choinne eile.
- (b) **Duine A:** Tá tú ag cóisir agus feiceann tú comhghleacaí leat ón obair. Téann tú chun cainte leo chun fadhb oibre a phlé leo.
Duine B: Tá tú ag cóisir. Tá tú ag iarraidh labhairt le do chuid cairde nach bhfaca tú le fada ach tá tú sáinnithe ag duine éigin atá ag iarraidh cúrsaí oibre a phlé leat. Ní féidir leat éalú!

Treoracha agus freagraí samplacha ar na cleachtaí:

A: Tuiscint & forbairt foclóra

Ceacht cuimhne agus líon na bearnaí:

- Tony: Berni Ní Neachtain?
Berni: Ha?
Tony: Tá tú **ag teastáil** thíos ag an stáisiún le ceisteanna a fhreagairt.
Berni: Tony!
Tony: Ní ghlacfar le **do chuid ealaíne** thart anseo níos mó.
Berni: Ach **céard sa diabhal** atá buailte ortsa. **Níl sé ach ag magadh.**
Toni: Níl mé ag magadh. Caithfidh tú a thíocht **in éindí** liomsa anois díreach.
Breandán: **Fágfaidh mé agaibh** é.
Toni: Tá fáilte romhat!

B: Feasacht teanga: fuaimniú an fhocail ‘ag’

Ní fhuaimnítear an ‘g’ san focal ‘ag’ roimh ainm briathartha a thosaíonn ar chonsan. Fuaimnítear é roimh ainm briathartha a thosaíonn ar ghuta, áfach. Tabhair deis do na foghlaimeoirí machnamh agus plé a dhéanamh ar an nós seo agus cuir ceist orthu an raibh sé tugtha faoi deara acu roimhe. Ansin iarr ar gach beirt na habairtí ar fad a léamh amach le chéile agus an ‘g’ sin a fhuaimniú nó gan a fhuaimniú. Bí ag éisteacht leo le linn na gníomhaíochta.

C: Cumarsáid: Conas deireadh a chur le comhrá

1. Frásaí úsáideacha

(a) Na frásaí ón mír:

- Fágfaidh mé agaibh é. (*I'll leave you to it.*)
- Scaoilfidh mé leat. / Ligfidh mé leat. (*I'll let you go.*)
- Níl mé ag iarraidh tú a choinneáil. / Ná bíodh mise do do choinneáil. (*I don't want to keep you/ Don't let me keep you.*)

(b) Samplaí eile:

- Tá mé ar shiúl. (*I'm away.*)
- Caithfidh mé giota a bhaint de. (*I have to make tracks*)
- Ba cheart domsa an bóthar a bhualadh. (*I should hit the road.*)
- Go raibh míle maith agat as bualadh isteach. (*Thanks so much for calling.*)
- Bhí sé go hálainn tú a fheiceáil. (*It was lovely to see you.*)
- Bhí sé go hálainn breith suas leat. (*It was lovely to catch up.*)
- Caithfidh muid casadh le chéile arís, nuair a bheidh níos mó ama againn. (*We have to meet again when we have more time.*)
- Cén t-am é? (*What time is it?*)
- Ó a mhaighdean, an é sin an t-am? (*Oh gosh, is that the time?*)

2. Machnamh agus plé

- (a) Abair leis na foghlaimeoirí a machnamh a dhéanamh ar an uair dheireanach a raibh orthu éalú ó chomhlúadar. Caithfidh siad na straitéisí a d'úsáid siad a phlé leis an duine in aice leo. Pléigh na straitéisí a bhí ag an rang iomlán ansin.
- (b) Straitéisí eile le deireadh a chur le comhrá leis an gcomharthaíocht choirp:
- ag breathnú ar an gclog
 - ag breathnú nó ag útamáil leis an bhfón póca
 - ag freagairt an fhóin
 - ag lorg do charad
 - ag lorg do mhála
 - ag féachaint i dtreo an dorais
- (c) Straitéisí le deireadh a chur le teachtaireacht téacs ar an bhfón póca: straoiseog a léiríonn gáire, ordóg suas, póigíní, srl.

3. Rólghníomhaíochtaí: Tabhair deis do na foghlaimeoirí na rólghníomhaíochtaí a dhéanamh le chéile agus cleachtadh a dhéanamh ar ábhar an cheachta.





Ceacht 2: Script an fhíseáin: “Fágfaidh mé agaibh é!” Ag cur deireadh le comhrá

Fáilte chuig SnasTV Ros na Rún.

Ceacht 2: Fágfaidh mé agaibh é – ag cur deireadh le comhrá.

Intreoir:

Tá *hot date* ag Berni ach níl sí ag réiteach go rómhaith leis an fhear. Tá cara léi, Tony, sa phub ag an am céanna agus feiceann sé nach bhfuil pearsantacht ar bith ag an fhear. Ní chreideann sé go siúlfadh sí amach lena leithéid, agus beartaíonn sé bealach éalaithe a thabhairt di. Ní mó ná sásta atá Berni, áfach, nuair a chuireann sé ruaig ar an fhear! *Tony spots Berni on a date from hell, and he decides to offer her an escape route. Berni, however, doesn't seem to appreciate the intervention!* Féach ar an mhír iomlán ar dtús. Ná bí buartha mura dtuigeann tú gach rud. Rachaidh muid tríd céim ar chéim ar ball beag.

An mhír ó Ros na Rún:

Tony: Berni Ní Neachtain?

Berni: Ha?

Tony: Tá tú ag teastáil thíos ag an stáisiún le ceisteanna a fhreagairt.

Berni: Tony!

Tony: Ní ghlacfar le do chuid ealaíne thart anseo níos mó.

Berni: Ach céard sa diabhal atá buailte ortsa. Níl sé ach ag magadh.

Tony: Níl mé ag magadh. Caithfidh tú a thíocht in éindí liomsa anois díreach.

Breandán: Fágfaidh mé agaibh é.

Tony: Tá fáilte romhat!

Ar thuig tu?

Tá tú ag teastáil – *you're wanted*. Tá tú ag teastáil thíos ag an stáisiún. *You're wanted down in the station*.

Ní ghlacfar le do chuid ealaíne thart anseo níos mó. Ealaín an Ghaeilge atá ar ‘*art*’ ar ndóigh, ach sa chomhthéacs seo, ciallaíonn sé ‘*antics*’. *We're not putting up with your antics around here anymore*.

Céard sa diabhal atá buailte ortsa – *What the devil has come over you?*

Níl sé ach ag magadh – *He's only joking*.

Níl Berni ag iarraidh go gceapfadh an boc go bhfuil rud éigin mídhleathach déanta aici. *She doesn't want her date thinking she's wanted by the law!*

Deir Tony go gcaithfidh Berni tíocht nó teacht ‘in éindí’ leis go dtí an stáisiún. In éindí le, in éineacht le – *along with*.

Fágfaidh mé agaibh é, a deir sé. *I'll leave you to it. The date decides to make a quick exit* agus fágann sé Berni agus an Garda ina dhiaidh. Fágfaidh mé agaibh é.

Spotsolas ar an gcumarsáid:

Anois caithfidh muid spotsolas ar na scileanna cumarsáide. Ní bhíonn sé i gcónaí chomh furasta sin éalú ó chomhlúadar nó deireadh a chur le comhrá. Tá frásaí áirithe ann a bhíonn ina chuidiú agus muid ag iarraidh deireadh a chur le comhrá ar bhealach cairdiúil, gan a bheith borb. *Certain phrases can be useful as exit strategies to end a conversation in a friendly way.*

Sa mhír seo, chuala muid an frása ‘Fágfaidh mé agaibh é’ – *I'll leave you to it.* Seo cúpla ceann eile:

Scaoilfidh mé leat.

Ligfidh mé leat.

Níl mé ag iarraidh tú a choinneáil.

Ná bíodh mise do do choinneáil.

Bí ar shiúl anois agus bog ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile. *Off you go!*

Ar thug tú faoi deara? Fuaimniú an fhocail ‘ag’

Éist leis na línte seo arís agus tabhair faoi deara an bealach a bhfuaimníonn Berni agus Tony an frása ‘ag magadh’. An bhfágtar aon fhuaim ar lár?

Berni: Níl sé ach ag magadh.

Tony: Níl mé ag magadh.

Ní fhuaimníonn ceachtar acu an ‘g’ san fhocal ‘ag’. Seo rud atá iontach coitianta sa chaint, nuair a thagann ‘ag’ roimh ainm briathartha a thosaíonn ar chonsan.

Tabhair faoi deara nach ionann an scéal nuair a thosaíonn an t-ainm briathartha ar ghuta, áfach. Deirtear ‘Tá mé ag obair’ agus ‘Tá mé ag iarraidh’, mar shampla, ach ‘Tá mé ag déanamh,’ ‘Tá mé ag caint’ agus ‘Tá mé ag foghlaim.’ Má tá fonn ort tuilleadh eolais a fháil ar an nós seo a bhíonn ag cainteoirí gan fuaimeanna nó focail áirithe a rá, téigh go dtí ceacht 14, bá agus focalbhá, ar www.snas.ie.

Anois, féachfaidh muid ar an mhír uair amháin eile, le dul siar ar gach rud atá pléite againn.



An Roinn Turasóireachta, Cultúir,
Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture,
Arts, Gaeltacht, Sport and Media

An Chomhairle um Oideachas
Gaeltachta & Gaelscolaíochta



STRAITÉIS 20 BLIAIN DON
GHAELIGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

